



LUACH €1.50

# GUTH GHOILL

## Coiste Céim ANIAR

A Chara,

Ba mhaith liom a chur in iúil daoibh go mbeidh seirbhís úr ar fáil san irisleabhar Guth Ghoill ón chéad eagrán eile (Mí na Nollag) amach. Duine áitiúil ar bith atá as baile, áit ar bith sa tír seo nó áit ar bith eile sa domhan, is féidir leo cóip a fháil sa phost. Is é an luach a bheas ar an tseirbhís seo (cóip + post) ná €20 don bhliain agus beidh eagrán foilsithe achan dhá mhí go rialta ó seo amach agus má tá rud ar bith ar mhaith libh a rá faoi Ghuth Ghoill nó moltaí ar bith atá agaibh beidh fáilte romhaibh teagmháil a dhéanamh linn nó litir a chur chugainn. Bheadh lúcháir orainn grianghraf ar bith atá agaibh den sean-mhuintir a fháil don irisleabhar agus má tá scéal beag ar bith agaibh le cur leis, sin mar is fearr é. Tá buntáistí éagsúla ag baint leis na heagrán a chur amach ag amanna dearfa i rith na bliana. Bheadh fhios ag daoine cén uair a bheadh an irisleabhar ag teacht amach, agus thiocthadh leis na scríbhneoirí díriú isteach ar théamaí suimiúla ar bith a bhaineann le gach tréimhse, i measc rudaí eile.



Ναχ ορθα τὰ αν χυμα शुविम्भेच सविदेअरथा – प्लादी डेन शेअमस, डेन डेअस अडस म्अनुस अ’ र्भोसठा – अडस इअ त्रिऊर सडिटे इन्स न्ना डूरुअडान् इ सटअभरिन्ने ठि चअथसअडिश्, टेअच अ’ चुअन्. टा म्अरितीन् ए फेीन् ले फेिसेडिल सअ चूल्रअ, अच से हिअड अन् त्रिऊर एिले?

[ *Τὰ αν ग्रιαग्θραφ सेο थुअस τόςθηα ό βηαν-ρηιक्तिार ओला अ रिन्ने Robert Taglor Carson* ]

## CAISLEÁN NA dTUATH



Sa tsean-am tugadh tuath ar an achar talún ar a raibh ceannaire nó taoiseach i gceannas. Is iomaí tuath a bhí scaipthe ar fud Thír Chonaill agus i dtrátha na tríú haoise déag, bhí trí cinn acu abhus anseo in Iarthuaisceart na condae, ar a tugadh Trí Tuatha Toraigh, ag síneadh ó Ghaoth Dobhair go Ros Goill. Ba iad na Baoilligh a bhí i gceannas ar na trí tuatha seo ag an am. Ba é Clann Uí Dhónaill a bhí i gceannas ar Thír Chonaill, ar ndóighe agus nuair a tháinig dream Gallóglaiigh – Clann tSuibhne – anseo ó Albain i lár na tríú haoise déag, le cuidiú le Clann Uí Dhónaill, tugadh na trí tuatha dófa mar luach saothair ar a gcuid oibre agus b'éigean do na Baoilligh géilleadh dófa. Ní iontas ar bith, mar sin go raibh naimhdeas idir na Baoilligh agus Clann tSuibhne. Deirtear gur thóg Neachtan Ó Dónaill caisleán do dhuine dena chuid mic thart fa 1440 agus tugadh an caisleán sin do chlann tSuibhne. Mar gurb iad muintir Shuibhne anois a bhí i gceannas ar na tuatha, tugadh Chaisleán na dTuath ar an chaisleán.

Tá cuma iargúlta ar an áit ina bhfuil Chaisleán na dTuath suite san lá atá inniu ann

ach ní mar seo a bhí rudaí i gcónaí. Cuireann sé iontas ar dhaoine fáil amach go raibh an príomh-bhealach ó oirthear na condae go hiarthar na condae fa dhéin mhíle den chaisleán ! Níor tógadh an bealach mór atá ann anois síos fríd an Tearmann go dtí lár na naoú haoise déag. Tháing an sean-bhealach ó Leitir Ceanainn anuas go Cill Mhic nÉanain agus ó sin thar Loch's Alt, fríd an Gleann agus siar thar an Leacach go Craosloch agus siar ar aghaidh go Gaoth Dobhair agus An Clochán Liath. Mar sin bhí an-thábhacht ag baint le suíomh Chaisleáin na dTuath lá den tsaoil.

Is iomaí taoiseach cáiliúil a bhí ag Clann tSuibhne. Bhí síor-chogadh idir Na Dónallaigh as Tír Chonaill agus Clann Uí Néill, Thír Eoghain agus in am Sheáin an Díomais Ó Néill ba é Murchú Mall Mac Suibhne a bhí ina thaoiseach orthu. Nuair a bhí na Dónallaigh ag teacht faoi bhrú ag Cath Fhearsáid tSúilí, taobh amuigh de Leitir Ceanainn, sa bhliain 1567, chuir siad teachtaireacht práinneach chuig muintir Shuibhne theacht i gcabhair orthu. Bhí ag teacht go géar ar na Dónallaigh san am a ghlac sé as Chlann tSuibhne theacht ó Chaisleán na dTuath agus sa deireadh, nuair a tháinig siad, dúirt Ó Dónaill “Is tú Murchú Mall, ceart go leor” “Chan é”, adeir Mac Suibhne, “ach is mé Murchú in Am!” Ba aige a bhí an ceart mar ruaigeadh na Néilligh go gairid ina dhiaidh.

Nuair a chuaigh bád de chuid Armada na Spáinne síos, i ndiaidh Carraig na Spáinneach a bhualadh, in aice le hAilt a' Chorráin, thug Eoghan Óg Mac Suibhne dí-dean dófa-sin nár bád, i gCaisleán na dTuath. Chaith Aodh Rua Ó Dónaill tréimhse ar altromas ann chomh maith, sular fuadaíodh go fealltach ó Rath Mhaolain é sa bhliain 1587.

Duine den mhuintir a ba cháiliúla a bhí i gceannas ar na Trí Tuatha ná Maolmuire Mac Suibhne, a ghlac ceannas na háite sa bhliain 1596. Dalta cuid mhór eile den tréimhse sin, sort ‘Tadhg an Dá Thaobh’ a bhí ann mar d’athraigh sé a dhílseacht idir Ghaeil agus Ghaill ceithre huair ar a laghad idir 1596 agus 1608! Ba le linn ceann de na

tréimhsí a raibh sé ar thaobh na nGall a fuair sé an teideal 'Sir Maolmurry Mac Swine' agus tugadh slat dó mar chomhartha gur ridire a bhí ann. Is mar sin a fuair sé an t-ainm Maolmuire an Bhata Bhuí. D'ainneoin a ghuagacht, ghlac sé páirt san Mhór-Shiúl go Cionn tSáile sa bhliain 1601, ar thaobh Aodh Rua Uí Dhónaill an iarraidh seo.

Bhí iníon ag Maolmuire darbh ainm Eibhlín agus thit sise i ngrá le Toirdhealach Óg Ó Baoill, a bhí ina chónaí i bhFothar, i ndeas do Phort na Bláiche. Chros Maolmuire uirthí an Baoilleach a fheiceáil, mar gheall ar an tsean-naimhdeas a bhí idir na teaghlaigh ach lean siadsan ar aghaidh den tsuirí ina ainneoin. Iascaire a bhí in Ó Baoill agus ba ghnáth leis dul ag iascaireacht bradáin thart fá bhéal an Leacaigh.

Tráthnóna amháin, i ndiaidh na hiascaireachta, d'ullmhaigh Maolmuire luíochán agus gabhadh an Baoilleach ar a

bhealach 'na bhaile. Caitheadh isteach sa doinsiún a bhí acu thíos in íochtar Chaisleáin na dTuath agus cuireadh Eibhlín i ngéibhinn san seomra ard ar bharr an túir. Maidin amháin d'amharc sí amach an fhuinneog agus caidé a thug sí faoi dear ach ceathrar fear ag iompar rud inteacht amach as an chaisleán. Tharla séidean gaoithe ag an pointe seo agus shéid sé an clúdach den ualach a bhí á iompar acu. Caidé a bhí ann ach corp an Bhaoiligh! Lig sí scread uafasach aisti agus léim sí amach an fhuinneog agus thit marbh ar an talamh in aice lena muirín.



*Seo pictiúir de na "Imeachtaí i ndiaidh Am Scoile", ar cuireadh tús leo cupla seachtain ó shoin. 'Sé an tainm atá ar an chlub nó "Tír na nÓg" agus tá ceithre ghrupa ar fad ann a bhfuil Óisín, Goll, Cú Chulainn agus Setanta mar ainmneacha orthu. Tá an club á reachtáil go hiomlán i nGaeilge do pháiste bunscoile idir 6-9 bliana, agus 9-12 bliana agus tá os cionn trí scór páistí cláraithe ann, iad breá sona sásta!*



## ÓSTÁN ROS NA BINNE, AN PAVILION AGUS NA GOLF-CHÚRSAÍ

Ó thaobh ailtireachta dó, tá dearadh an Pavilion faoi thionchar ó láthair an British Open in Turnberry na hAlban, agus ó thaobh airde agus stíl dó, tá sé faoi thionchar ó shean-Óstán Ros na Binne a thóg an Tiarna Liatroma mar lóiste saoire sa bhliain 1893. Agus mar cheangal eile leis an am atá thart, is ionann go cruinn beacht suíomh don Pavilion úr agus don chéad lóiste saoire a bhí ansin ariamh.

Chomh maith le plaic a nochtadh le foscailt an Pavilion a cheiliúradh, ghearr Séamus Mallon ribín le galf-chúrsa Morris Ruddy a oirniú. De réir a' chéile glacfaidh na poill atá dearaithe ag Ruddy áit an naoi gcinn cúl sa tsean-mhachaire. Ritheann siad isteach go nadúrtha le poill an "Valley", dearaithe ag Morris, agus tá Machaire (nó Links) Morris Ruddy mar ainm ar an dá chuid seo-18 poill- i gcuideachta a' chéile.

Tá fad 7,100 slat sa chúrsa seo, ag imirt ó na pointí craoibhe, agus tá sé ina mheascán dian de phoill, idir thraidisiúnta agus nua-aimseartha, agus é faoi thionchar céad bliain de fhorbairt ins a' spórt seo galf.

Leanann an dá chúrsa - Morris Ruddy agus na Sandy Hills - taobh Thrá Mór de na machairí agus níl bóthar poiblí ag trasnú ceachtar acu.

"Tá Rosapenna níos mó ná ioncurtha le h-áis gailf áit ar bith in Éirinn. Nuair a cuirtear san áireamh an Óstán agus an Pavilion, dhá chúrsa craoibhe - na Sandy Hills agus an Morris Ruddy - chomh maith leis an acadamh gailf a bhfuil naoi bpoll de bhun-chúrsa Morris ina chuid dó, tá an Rosapenna ar an áis is dea-chóirithe sa tír", a dúirt Mallon.



## Logainmneacha



*San eagrán deireannach de Guth Ghoill rinne mé cur síos ar an fhocal "Baile" i logainmneacha. San eagrán seo, dhéanfaidh mé cur síos ar an fhocal "Cluain" agus an dóigh a n-úsáidtear é sna logainmneacha. 'Sé an chiall atá leis an fhocal "Cluain" ná cuibhreann nó gort, go háirithe cuibhreann a réitíodh agus a tugadh chun míntíreachas (cultivation) in áit a raibh talamh garbh nó portach. Dar ndóigh, bhí baint ag an fhocal "Cluain" fosta le ceantar ina raibh mainistir nó eaglais bunaithe ann. Seo cuid de na somplaí is mó a bhfuil cáil orthu sa tír, Cluain Feartha i gContae na Gaillimhe, mainistir a bhunaigh Naomh Breandán agus Cluain Mhic Nois i gContae Uibh bhFáilí, áit ar bhunaigh Naomh Ciarán a mhainistir cáiliúil agus go bhfuil na ballóga le feiceáil go fóill. I gContae Thiobraid Árann tá Cluain na nUltach, áit a deirtear a chaith cuid taoisigh Chúige Uladh oíche ar a mbealach go Cath Cionn tSáile sa bhliain 1601. Deirtear go bhfuil an focal "Cluain" le fáil in thart fá 1800 baile fearainn ar fud na tíre. I gceantar Ros Goill tá an baile fearainn Cluain tSaileach againn. 'Sé an chiall atá leis an ainm seo ná an cuibhreann a bhfuil saileogaí (willows) ag fás ann. Tá sean-reilig Mhíobhaigh suite sa bhaile fearainn seo agus cruthaíonn seo an bhaint a bhí ag an fhocal "Cluain" leis na mainistreacha agus eaglaisí mar go raibh eaglais san áit ina bhfuil an sean-reilig anois agus, cosúil le Cluain Mhic Nois, tá na sean-bhallóga le feiceáil fosta. Nach iomaí scéal a thiocthadh leo a inse dúinn fan mhuintir a chuaigh romhainn agus atá anois curtha i gcré na cille anseo agus gan de chuideachta acu ach scréad na bhfaoileog agus crónán an Mhalol Rua? Gurab amhlaidh a bheas sé sa cheantar bheannaithe, naofa seo agus go bhfágtar é ag anam na mairbh faoi shíocháin.*


Tá scéal i mbéaloideas Ros Goill fan dóigh ar tógadh an eaglais san áit áirithe seo. Deirtear gur Naomh Colmcille a thóg an eaglais agus gur thosaigh sé ar a thuras i gCarraig Airt lena asal agus ultach trom ar a dhroim aige. Dúirt sé nuair a thitfeadh an t-asal faoin ultach don tríú uair gur sin an áit a mbeadh a eaglais suite.

Is ar Mhalaigh ‘n Rithe a bhí chéad titim



an asail, agus tá leacht ansin go fóill le seo a chur inár gcuimhne.

I gCluain tSaileach féin a tharla an darna



titim, áit a bhfuil an tSean Chrois go dtí an lá inniu.

Is ar shúiomh na sean-reilige féin a tharla an tríú titim agus is ann a tógadh an eaglais de réir an tseanchais.



An darna uair a bhíonn tú ag dul fríd Chluain tSaileach, smaoinigh ar an tábhacht a bhí leis mar bhaile tráth den tsaol. Ag pilleadh ar an fhocal “Cluain” ,is “Clon” a bhíonn le fáil ar an leagan Béarla den ainm.

*Cé mhéad baile leis an ainm a dtig leat smaoiniamh air?*



Bhí gréasaí beag baoideach ‘na chónaí fadó  
 I bpoll beag baoideach i gcrann bréa mór  
 Ó bhíodh sé socair is seascair is só  
 ‘sea a mhair sé go sona ‘s go sásta.  
 Le tic tac tic agus tic tac to  
 Le tic tac tic agus tic tac to  
 Le tic tac tic agus tic tac to  
 ‘sea a mhair sé go sona ‘s go sásta.



### Méara na Lámh

*An ordóg ; an chéad mhéar ; an mhéar fhada ; méar an fháinne ; an lúidín.  
 Na trí ní is géire ar an saol: súil circe i ndiaidh gráine, súil gabha i ndiaidh táirne  
 agus súil cailligh i ndiaidh bean a mhic.*

## Seo cuid eile de na sliogéisc atá le fáil go coiteanta thart ar chósta na mara i Rosgoill.



**1. Sliochán Mhairre:** Le fáil ar chladaigh chreagacha, tá cruth coirceog ar ná sliogáin seo agus dath bán-dearg le fonsa dearg orthu, ach tá corr-cheann bán le fáil fosta. Tá an bia buí agus bán-dearg ach níl siad maith le hithe. Tá an sliogán dúnta le deasc adharcach a dtugtar *operculum* air.

**2. Sliochán Leathán:** Bíonn siad seo le fáil tríd feamainn ar na cladaigh gairbhéalacha. Tá dathanna eagsúla orthu - buí, donn, glas agus oráiste. Tá na sliogáin seo ana-bheag, thart fá 1 ceintiméadar ar airde agus le féiceal nuair atá an lán-mhara amuigh.



**3. Portán Glas:** Seo an portán is coiteanta le fáil ar na cladaigh. Tá dathanna éagsúla ó bhuí go donn go dubh go glas orthu. Tá aghaidh na blaoisce cíorach mar sábh ann, agus cuid mhaith níos leitheada ná an droim. Tá sé iontach deacair iad a bhaint amach as eangacha nó as potaí gliomaigh de bharr seo. Tá siad le fáil in uisce tanaíoch faoi fheamainn agus faoi charraigeacha.

**4. Portán Deilbhít (Láineachán):** Faigheann siad seo a n-ainm mar go bhfuil mothú veilbhít agus cosa céaslóra acu. Tá na súile lonrach dearg agus an bhlaosc gruagach agus cíorach. Tá na dathanna lía go donn le línte gorma agus dubha ar ná cosa agus tá ailt ná gcos lonrach gorm. Bítear a n-iascaireacht thart ar an chósta agus iad maith le hithe. Tá siad le fáil ar chóstaí chreagacha agus iad thart fá 8 ceintiméadar ar leithead.



"FAIGHHEANN AN FHARRAIGE A CUID FÉIN"

"ÉIST LE FAIOM NA HABHNA AGUS GHEOBHAR BREAC"

"NÍ FHANANN TRÁIGH LE ÉINNE"

"SLAINTE AN BHRADÁIN CHUŠAT - CROÍ FOLLÁIN AGUS ŠOB FLAICH"

**5. PORTÁN FAOCHA (HERMIT CRAB):** Má fheiceann tú sliogán ar chosa ag rith trasna ar ghrinneall na mara in uisce tanalach is dóiche gur seo an portán a bhfuil muid ag caint air. Níl siad cosúil le portáin eile mar nach bhfuil blaosc ar bith orthu agus sé'n dóigh a gcosnaíonn siad a mbolg ná tré gabhail isteach i sliogán faocháin folaimh agus de réir is mar atá siad ag fás athraíonn siad go sliogáin níos mó. Thig leo tarraint go iomlán isteach sa tsliogán agus druideann siad an sliogán leis an teanchaire dheas mar go bhfuil sé seo níos faide ná an ceann clé. Thig leo fás suas go 10 ceintiméadar.



5



**6. Sliogán Dobharchá:** Tá siad seo ubhchruthach (oval), décomhlach (bi-valve), agus dath buí-bán ortha. Bíonn siad sáite go domhain sa ghaineamh nó in oitir láibe. Tá sé iontach deacair theacht ortha beo mar geall ar seo, ach tá ná sliogáin le fáil go fairsing caite suas ar ná tráanna. Thig leo fás suas go dtí 12 ceintiméadar ar leithead agus úsáideann siad sifeon fada le bia a fháil ón bharr.

## TEACHT LE CHEILE ROSGUILL

*Le tamall anois is é mo thuairim gur ceart 'Teacht Le Chéile' a bheith againn i Rosguill. Tá na mílte daoine ar fud an domhain a bhfuil baint acu le Rosguill trí athair nó máthair, seanathair nó seanmháthair. Cuid de na daoine sin b'fhéidir nach bhfuil a fhios acu go bhfuil muintearas acu le Rosguill.*

*Is é an rud atá i gceist anseo ná cuireadh a thabhairt don 'Rosguill Diaspora' filleadh abhaile faoi choinne seachtain nó coicís i samhradh na bliana 2008. Is é an chúis gur cheart dhá bhliain ar a laghad a ghlacadh ná go mbeadh am ag daoine a gcuid laethanta saoire a eagrú le comhtharlú leis an Teach Le Chéile agus fosta go mbeadh am acu an t-airgead a shábháil leis an turas a dhéanamh. Go cinnte, is tionscnamh an-mhór a bheadh ann agus ghlacfadh sé cuidiú iontach mór ó léar mór daoine. Seo rud go mbeadh baint ag an phobal go léir leis. Tá duine muinteartha ag achan duine taobh amuigh den leithinis, den chondae nó den tír.*

*Le linn seachtain nó coicís an 'Teacht Le Chéile', ba cheart cúrsaí cultúrtha an lae inniu a bheith ag dul ar aghaidh, agus an saol a bhí ann a cheiliúradh fosta. Ceapaim féin go dtabharfadh ócáid mar seo uchtach mór don cheantar agus go dtabharfadh sé spiorad pobail agus bród ar ais do mhuintir Rosguill.*

*Má tá duine ar bith eile a shíleann gur smaoineamh maith atá ann agus go mbeadh suim agaibh go rachadh an ócáid chun tosaigh ba mhaith liom cloisteáil uaibh.*

Seamus Mac Giolla Chearra  
087 2565977

**I** s fearr cogar i gcluais Nora ná liú ón gcnoc is airde



*'A whisper in Nora's ear is as good as a shout from the highest hill'* —IRISH PROVERB

## FEADAÍMÓ.

Bhí fear ón cheantar seo ann aon uair amháin, a bhí chomh mór láidir le fear ar bith eile sa tír. Dúradh fá daoibh dó dá mbeadh sé ina sheasamh ar phointe an Mhill Mhóir agus é ag amharc soir, nach mbeadh fear ar bith sna trí leithinsí (Ros Goill, Fanaid agus Inis Eoghain) a bhuaileadh é, agus dá dtiontódh sé thart agus é ag amharc siar, nach mbeadh fear ar bith idir an Mheall Mhór agus Ailt a' Chorráin a bheadh ábalta seasamh os a chomhair. Fathach d'fhear a bhí ann a sheas sé horlaí os cionn na sé troithe agus é ina sheasamh ina chuid stocaí, nuair a bhí stocaí aige.

Feadaímó a tugadh air. Feardaí Mór a ba cheart a bheith air ach bhí deacracht ag a athair Paidí lena chuid "r'anna" agus ní raibh sé ábalta Feardaí Mór a rá. Níl fhios agam cad chuige nach dtug sé Paidí Óg air ag an bháisteadh agus a bheith réidh leis. Cibé ar bith na daoine cineálta garacha fán áit, níor mhaith leofa an t-athair a fhágáil leis féin agus thug siad uilig Feadaí Mó ar an mhac. D'fhás Feadaí Mó aníos leis an ainm seo ón chéad lá ariamh agus níor chuir sé isteach ná amach air, agus nuair nach raibh seisean buartha fán ainm, stad achan duine eile ag tabhairt aird air agus de réir a chéile rinneadh focal amháin de Feadaí Mó agus Feadaímó a bhí air as sin amach.

Bhí saol na ndaoine iontach cruaidh i dtréimhse Feadaímó. Bhrúigh na Péindlithe síos go trom ar na Caitlicigh agus le cois na gcoscanna uafasacha uilig a bhí orthu ní raibh cead dhul ar scoil acu. Is é an t-aon oideachas a fuair na boic óga ag an am ná béaloideas na seandaoine agus eolas talmhaíochta agus farraige do na gasúir ó na haithreacha, agus eolas tís agus sníomhacháin do na girseacha ó na máithreacha.

Rugadh Feadaímó ag a haon a chlog ar an chéad lá den chéad mhí den chéad bhliain den naoú aois déag. (1-1-1800). Bhí sé ráite ag na Gaeil go mbeadh cumhacht na tairngreachta ag duine ar bith a raibh an uimhir a haon trí huairé i ndiaidh a chéile ina dháta breithe, agus dar ndóighe nuair a ghlacann tú uair a bhreithe isteach ins an aireamh (a haon a chlog) bhí sé ceithre huairé i ndiaidh a chéile ag Feadaímó, mar sin de bhí an chumhacht an-láidir aige.

Bhí eachtraí Napoleon i mbéal na ndaoine ag an am sin. Is namhaid do na Sasanaigh a bhí ann agus cháiligh sin é mar chara den chéad scoith ag na Gaeil. Thug réabhlóid na Fraince agus buanna Napoleon uchtach do na Gaeil agus cé gur theip ar éirí amach 1798 bhí na Conallaigh dóchasach go mbeadh an bua ag na Francaigh lá ar bith agus go mbeadh na Dálaigh ar ais gan mhoill. Cibé ar bith, a fhad is a bhí siad ag fanacht ar bhua na bhFrancach bhí orthu leanstan ar aghaidh lena gcuid gnoithe féin. Bhí na prátaí le cur, an mhóin le sábháil, agus iarracht le déanamh ar an chíos a bhailiú agus an dá dhroch rud (an báille agus an fear ghorta) a choinneáil ón doras. Clann ar bith a bhí ina cónaí cois cladaigh bhíodh curach acu agus cé go raibh na gléasanna iascaireachta simplí agus bunúsach go leor rinne siad iarracht chróga corr gliomach agus súilín a thabhairt i dtír.

Contúirteach agus eile agus a bhí an fharraige bhí orthu súil ghéar a choinneáil amuigh ar eagla go dtiocfadh longa de chuid chabhlaich na Sasana gan choinne orthu. Bhí an cabhlaich de shíor ar lorg fear leis na longa a choinneáil ar an fharraige agus ní raibh siad fústrach fán dóigh a bhfuair siad na fir. Bhí buíonta phreasála in achan phort i Sasana, in Albain agus sa Bhreatain Bheag acu, ach bhí cliú agus cáil ar iascairí chósta na hÉireann mar mhairnéalaigh agus rinne siad iarracht mhór greim a fháil orthu. Throid 18,000 mairnéalaigh i gcath Thrafalgair ar thaobh na Sasana agus rugadh os cionn 3,000 acu in Éirinn. Bhí fhios acu go dtiocfadh leis na hiascairí seolta na longa a fheiceáil i bhfad uatha agus go mbeadh go leor ama acu talamh tirim a bhaint amach sula ngabhfaí iad. De thairbhe sin is é an modh oibre a bhí acu ná go seolfadís go ciúin isteach i gcuán beag uaigneach

i ndoimhneacht na hoíche agus go leagfaidís na seolta. Luífidís ansin teann leis na beanna agus rachfadh dhá churach amach ón long mhór, ceann siar agus ceann soir. Bheadh beirt ar na rámháí agus beirt ina luí sa dóigh is nach bhfeicfí iad. Ní raibh difir ar bith anois idir iad féin agus na curacha áitiúla eile agus nuair a chífedh siad iascairí rachfadh siad isteach eatarthu agus tír mór. Fán am a d'aithneodh na hiascairí an dainséar bheadh sé ró mhall. D'éireodh an bheirt a bhí i bhfolach agus scaoilfeadh siad na gunnaí san aer. Tharlódh dhá rud ansin. Theithfeadh na hiascairí an t-aon bealach amháin a bheadh fágtha acu, is é sin amach ar bharr na dtonn. Is é an dara rud a tharlódh ná go gcluinfedh na mairneálaigh ar an long pléascadh na ngunnaí agus d'ardódh siad na seolta. Amach leo ansin agus ghabhfaí na hiascairí bhochta. B'i-omaí fear nach bhfaca baile beag s'aige arís i ndiaidh a bheith gafa. Throid siad i gcathanna farraigí do na Sasanaigh ar fud an domhain as sin amach.

Mar a tharla, bhí curach ag Paidí athair Feadaímó, agus an mhaidin seo bhí sé ag tógáil potaí taobh istigh de Charraig na bhFrancach. Bhí curach Hiúdaí Hughie Mhóir taobh thoir dó agus curach Eoiní Eoin Bheag giota beag níos faide amach. Maidin bhreá chiúin a bhí ann agus ní raibh mórtas farraige ar bith ann ach mar sin féin níor thug siad faoi deara an long ina luí istigh teann leis an talamh agus Cnoc na Sleá ina sheasamh os a chionn.

Chuala Paidí scairt ón Mheall Mhór agus d'aithin se Feadaímó ag léimnigh thart fá Charraigeacha Ailte Mháire taobh thiar den champa a bhí tógtha ag na saighdiúirí le súil a choinneáil ar longa an Chorporail Bhig.

Bhí iontas ar Phaidí nuair a d'aithin sé a mhac nach raibh ach seacht mbliana d'aois ag an am ag léimnigh thart in áit chomh contúirteach sin. Ní raibh sé ach uair a chloig ó d'fhág sé an baile agus bhí Feadaímó ina chnap codlata ag an am sin.

**Beidh an chuid eile den scéal sa chéad eagrán eile.**

## Ainmhithe allta agus sean-leigheasanna

*Seo cuid de na rudaí atá sa bhéaloideas faoin cheangal idir ainmhithe allta agus sean-leigheasanna :*

**1 An Madadh Rua:** *Má ghearrtar teanga an mhadaidh rua nuair atá sé marbh agus má cuirtear an teanga ar chnap deilge leigheasóidh sé é.*

**2 An Ghráinneog:** *Nuair atá an déideadh go holl ar dhuine má gheibh sé greim ar ghráinneog fhéir agus trí dhealg a tharraingt as leis an fhiacal thinn deirtear go bhfaighidh sé biseach ón déideadh.*


**3 Earc Sléibhe:** *Má gheibh tú greim ar earc sléibhe*




*beo agus é a lí trí huair beidh leigheas ar dhó in do theangaidh ó sin amach.*

**4 An Frog:** *Má bheireann duine ar frog beo nuair atá déideadh air agus an frog a chur isteach ina bhéal agus teannadh air leis an fhiacal thinn, deirtear go leigheasfaidh seo an déideadh in am ghoirid.*

**5 An tAsal:**



*An chrois ar dhruim an asail a phógadh agus imeoidh an déideadh.*



*Sin cuid de na hainmhithe allta agus na leigheasanna a gabhann leo. Bhfuil cuid ar bith eile ag duine ar bith dár gcuid leitheoirí? Bheadh muid sásta iad a chluinstin uaibh.*

## Doire a' Chasain Beag

Tá leac galánta eibhir ag coirneál Joe Fhearrgail agus “Doire a’ Chasain Beag” scríofa air. Cúpla seachtain ó shoin, bhí fear a rugadh agus a tógadh i gCalifornia anseo agus chuir sé iontas an tsoil orm nuair a d’aistrigh sé é. “The little oak along the way,” a dúirt sé. Níor cheartaigh mé é. Fágfaidh mé sin ag lucht na log ainmneacha. Tá Doire a’ Chasain Beag roinnte ina dhá pháirt, sé sin an Baile Íochtarach agus an Baile Uachtarach.

### **An Baile Íochtarach**

Is dóiche gurb é an chliú is mó atá ar Dhoire a’ Chasain, ná gur ann a bhí na scolacha sa tsean am. Tá cuimhne ag cuid mhór ar an scoil sin a dhruid síos i 1967. Tosaíonn Doire a’Chasain Beag ag an sruth beag sin faoin scoil, in aice an choláiste, agus síneann sé síos go dtí an t-Ardbán. Tá léar tithe úra ann anois, agus is dóiche go dtabharfar Doire a’ Chasain Úr air amach anseo, ach déanfaidh mé cur síos ar na teaghlaigh a bhí ann go dtí seo. Thiar ón scoil faoi Bhinn an Aithrí (áit a mbeadh Sagairt ag rá Aifrinn, agus peacaithe ag déanamh aithrí sa tsean am) tá Phaidí Róise nó ‘n teach faoin Bhinn. Thuas thar an scoil, ag barr na mallacha, tá teach an ghréasaí. Ba é sin teach na scoile ag deireadh an naoú céad déag. Cheannaigh Donnchadh Sharlaí é, ar theacht ‘na bhaile as Albain dó, ag tús an chéad seo caite, agus thosaigh sé ag déanamh bróga ann. Bhí a mhac Pat ag leanstaint den cheird go dtí go bhfuair sé bás. Scéalaí léannta, fealsúnach ab ea Pat, agus cé nach raibh scoil sa teach sna blianta deireannacha, bhí Pat i gcónaí ag cur léann ar fáil don phobal. A fhad is a bheifeá ag fanacht le leath-bhonnaí a fháil ar do chuid bróga, d’fhoghlaimfeá cuid de stair na hEorpa, nó d’fhéadfá cuidiú a fháil le do chuid obair baile. Tá teach úr tógtha ag Peigí Faoin Bhinn os cionn theach an ghréasaí, agus dhá theach tógtha ag Joe Quinn i gcuibhreann Éamonn idir theach an Ghréasaí agus an scoil. Ar an taobh eile den bhealach bhí sean-teach Néidí Sharlaí agus é ina sheasamh go dtí le gairid. Faraor, leagadh é, agus ina áit anois tá teach samhraidh.



Thóg Páidí Neidí Sharlaí teach úr sa chuibhreann in aice an tsean-tí ins na caogaidí, ach tá an teaghlach imithe as le fada. Thart an coirneál ag dul i dtreo an Ardbháin, tá teach Sophie’n Mháistir. Máistir Griffin, a bhí ag múineadh sa tsean-scoil, a thóg an teach sin. Bhí an máistir pósta ar bhean de mhuintir Simon, as an teach ar an taobh thall den bhealach. Bhí muileann ag muintir Simon agus is maith is cuimhneach liom capaill ag siúl thart, agus thart, ag iompú roth mhór an mhuilinn. Tá teach Simon ann go fóill agus é cóirithe suas le déanaí, ach buíochas le Dia gur fágadh an

aníos. Cé go bhfuil athrú mór air, níl an chreach céanna tagtha air ‘s atá ar chuid de na bailte fearann eile fán áit. Áit bheag lách, chairdiúil ina gcaistá duine éigin ort i gcónaí le comhrá a dhéanamh leat, agus tú ag siúl fríd. Ní castar aon duine orm anois agus is uaigneach teach an ghréasaí gan Pat, gan boladh leathair agus gan scéal.



dreach céanna air. Síos giota eile bhí teach Andy Simon. Tá sé ann go fóill, teach breá mór maith. Ach, mo lé-an arís níl duine ar bith don teaghlach sin fágtha ann. Ag tarraingt suas ar

theach pobail Gháinne, ar thaobh na láimhe clé, tá teach Éamonn. Níl aon duine do chlann Éamonn ann, ach mar a dúirt mé, tá teach tógtha ag Joe thíos sa chuibhreann ag taobh na scoile.

### **An Baile Uachtarach.**

Teach Neidí Mhánuis Johndy, an chéad teach sa Bhaile Uachtarach agus gan fágtha ann ach ballóg. Teach ina mbeadh ceol na dtéad le clois i bhfad ó shin, nuair a bhíodh Neidí agus Mánus beag ag seinm an fhidil. Suas leat, mar a bhfuil teach Mháire Ned, teach Neilí Marley, Teach Andy Carey agus teach Ned Mhóir agus sliocht na sleachta sin ina gcónaí go sona iontu go fóill, mar atá clann Neidí Mhanais, a bhfuil cónaí orthu i dteach Curley Mhac Aoidh ar an taobh thiar den bhealach. Cheannaigh clann Neidí Mhanuis teach Mhac Aoidh sna seascaidí. Níl ach teach amháin fágtha, ‘sé sin teach Mháire agus Jimmy John, a bhinn leis an bhóthar, agus gan aon duine faoi chreataí an tigh le fada an lá. Sin mar a bhí Doire a’Chasain Beag agus mise ag éirí



aníos. Cé go bhfuil athrú mór air, níl an chreach céanna tagtha air ‘s atá ar chuid de na bailte fearann eile fán áit. Áit bheag lách, chairdiúil ina gcaistá duine éigin ort i gcónaí le comhrá a dhéanamh leat, agus tú ag siúl fríd. Ní castar aon duine orm anois agus is uaigneach teach an ghréasaí gan Pat, gan boladh leathair agus gan scéal.



## MO CHRÓ BEAS AS BUN CHNOC A' TÍ



Is iomaí áit álainn in Éirinn  
 As filí 's lucht foghlam' faoi chail,  
 Ach measaim gur ghlennáin Thír Chonaill  
 An áit ann is deise le fáil.  
 Cha dtabharfaínn ar choróin Rí Éamann  
 A phálás 's a stór mianach baí  
 M' áit chónaí bheas féin i dtír Chonaill  
 Mo chró beas as bun Chnoc a' Tí.

Ná labhair liom fán tír seo a fhásáil  
 'S imeacht thar sáile anonn  
 Nó b' fhearr liom bheith beo bocht in Éirinn  
 As mo chailín beas deas dóigheáil donn.  
 'N áit a dtiocfaidh liom amhlá Dé Dombnaisg  
 Agus raidir a chur ó mo chroí  
 Le hanam mo shinséar a tósaibh  
 I mo chró bheas as bun Chnoc a' Tí.

Tós suas do chroí cráite, a Éire  
 Beith bláth ort' s rachmas go fóill  
 Nuair a phillfeas do chlann bhocht 'tá díbríthe  
 'S beith siad ar ball as gabháil cheoil.  
 Trí ghlennáin is bhántaibh na tíre  
 Le haoibhneas is lúcháir a gcroí

### Baile Ghibb, An Uaimh, Co. na Mí

"Is glas iad na cnoic I bhfad uainn", seo mar a chonaic tromlach na n-imiriceach a tháinig as tuaisceart agus iarthar Thír Chonaill an seans seo chun saol úr a thioseacht i mBaile Ghibb. Is baile fearainn é Baile Ghibb, atá suite cóngarach don Uaimh, i gCo. na Mí agus atá timpeall 30 míle ó Bhaile Átha Cliath. Tá codarsnacht an-mhór idir an áit réidh intíre seo le talamh curaíochta, agus an áit in aice na farraige, taobh le cnoic agus sléibhte Thír Chonaill, as ar tháinig na h-imircigh.

Bhí eastát mór i mBaile Ghibb, a roinneadh amach le linn "Scéim De Valera" agus ar athshocraigh a lán imiricigh le linn na tríochaidí. Is i 1936 a chuir an Coimisiún Talaimh foirmeacha amach chuig Bunscoileanna, ag cur in íul do theaghlach an seans a bhí acu aghaidh a thabhairt ar áit úr, ar bhánta na Mí, agus slán a fhágáil ag a n-áit dhúchais. Bheadh siad ábalta filleadh ar ais ar a n-áit féin lastuigh de bhliain muna socróidís síos, agus gan dabht, d'fhill cuid acu.

Fuair gach teaghlach 22-24 acra talaimh; bhí Inneall Bainte (Reaper), Spraeire (Sprayer), agus Rollóir (Roller) dáilte idir gach cúig theaghlach. Fuair siad fiche cearc le coileach, dhá bhearach nó colpach, dhá bhó bhainne, fiche caora le reithe, dhá mhuc, capall amháin agus lena chois suim airgid £1.50. Fuair siad teach Choimisiún Talaimh, seo gné atá coitianta i gCo. na Mí, agus chomh maith seid móna agus fosta cuireadh coinnle ar fáil, lampa "Tilly", earraí cosúil le h-arán, tae, siúcra agus mar sin. De réir cosúlachta, bhí na h-imiricigh ullmhaithe go leor chun tús a chur le saol úr i gCo. na Mí.

Is ar Aoine an Chéasta, 1937, a shroich na Conallaigh Baile Ghibb agus is cosúil gur éirigh leis an chuid is mó socrú síos ann. D'fhill cuid acu ar a n-áit dhúchais ach d'fhan an chuid is mó. Cén fáth gur shocraigh siad síos in áit choimthíoch a bhí an-difriúil óna n-áit dhúchais féin? Bhuel, d'aistrigh páirt de Thír Chonaill go Baile Ghibb – fiche líontí a thug a dteanga dhúchais, a nósanna, a dtraidisiún, a gcreideamh agus a gcultúr féin leo. Gan dabht bhí cuid de Thír Chonaill i mBaile Ghibb agus chuir siad a marc nó a rian féin ar an áit.

Tá Bóthar Thír Chonaill, an áit ar shocraigh na Connallaigh síos, Bóthar Thailtinn, an bóthar ar chuir muintir Chiarraí futhu agus Bóthar na gCrann, an áit ar fhan muintir Mhaigh Eo chomh maith le cuid de mhuintir Chiarraí. Thioctadh muintir Thír Chonaill le chéile i dtithe difriúla, ag reiceáil nó ag airneáil, sé sin ag scéalaíocht nó ag bothántaíocht. Ba seo caitheamh aimsire mór a bhí acu agus a choinnigh cultúr Thír Chonaill beo. Bheadh damhsaí ar siúl, postaí, agus ócáidí shóisialta eile agus fosta bhí an comhrá tar éis an Aifrinn, Dé Domhnaigh, tábhachtach dóibh. D'oibrigh siad an-chrua agus bhí mian iontu dul chun cinn a dhéanamh.

Bíonn buntáistí agus míbhuntáistí ag baint le gach rud agus míbhuntáiste amháin ná go raibh na feirmeacha ró-bheag chun soláthar do chlanna móra agus d'éirigh an imirce coitianta; míbhuntáiste mór eile ná nár mhair an Ghaeilge ann. I mBaile Ghibb tháinig cainteoirí dúchais le chéile ó Thír Chonaill, ó Mhaigh Eo agus ó Chiarraí a raibh trí chanúint difriúil ar fad acu agus ní raibh siad ábalta a chéile a thuiscint, dá bhrí sin, fuair an Béarla an lámh in uachtar mar bhí na daoine ag meascadh lena chéile. Is iad teaghlach Chonamara ar fad a tháinig go Rath Cairn a raibh an chanúint chéanna acu agus tá Gaeltacht bhreá bhríomhar ar bun ann.

Tá cuid mhór de na daoine, na h-imircigh a tháinig as tuaisceart Thír Chonaill, go háirithe Fanaid, agus as an iarthar marbh anois, go ndéana Dia trócaire ar a n-anam ach tá cuid mhaith acu go fóill a tháinig ann nuair a bhí said an-óg; cuid acu atá lán-sásta lena saol i mBaile Ghibb agus cuid acu a bhfuil a gcroí go fóill i dTír Chonaill.

Mar fhocal scoir, caithfidh mé a rá gur bhain mé an-taitneamh as an taighde seo a rinne mé i dtaobh Bhaile Ghibb, do Chumann Thír Chonaill, i mBaile Átha Cliath. Mo mhíle buíochais do gach aon duine a chuidigh liom ach go háirithe d'Uinsíonn Ó Gairbhí as Chiarraí, do John Carr, do Neil Shiels agus do Chassie Browne as Tír Chonaill, as a gcuid ama, a gcuid eolais agus go mórmhór as a gcuid flaithiúlachta.

*Eibhlín O Crualaoi,  
Baile Ghibbert,  
Maigh Dearmhaí,  
Co. na Mí.*



## Eaglais Stella Maris



*Eaglais Stella Maris, Gáinne, atá ag ceiliúradh a Jubhaile caoga bliain I mbliana. Chraoladh an tAifreann beo Dé Domhnaigh an 30ú Deireadh Fómhair ó Gháinne ar Raidió na Gaeltachta.*



Is é seo pictiúr den rang comhrá a thosaigh cupla seachtain ó shin. Ón chlé tá Aodh Mac Giolla Bhríde, Bríd Mhic Grianna, Eibhlín Nic Giolla Bhríde, Seán Ó Buaidhe agus Maxi Ó Curraoin. Cúpla duine a bhí as lathair ar an oíche sin ná, Celia Mhic a' tSionnaigh, Marrietta Ní Oireachtaigh agus Damian Ó Conaill. Beidh sé ag dul ar aghaidh go dtí'n Nollag agus beidh ceann eile sa bhliain úr. Tá tús curtha leis an bhunrang fosta agus tá an dá rang Dioplóma ag dul ar aghaidh chomh maith.



Seo pictiúr den criú a bhí ar bord an báid as Na Dúnaibh "An Charraig Airt" a chuaigh síos ar an bhealach anonn go hAlbain thart fan bhliain 1933. Mla tá eolas ar bith agaibh ar "An Charraig Airt" insigí dúinn. Beidh tuilleadh eolais ar seo ins san chéad eagrán eile. Ó chlé James a' Bhrogáin, Meall Mór, Dinis Ó Gallchoir, Meall Mór, Dan Ó Luadhóg, Dún Dubháin, Anton Rua Mac Citeigáin, An Alhuirleog agus Johnny Ó Cuilinn, Dún Dubháin.